



Gradam an Phápa Eoin Pól II



Lámhleabhar an Ghradaim

Clár Ábhair

	Teachtaireacht ón Easpag	1
	Gradam an Phápa Eoin Pól II	2
	Cé dó an Gradam?	3
	Cadé mar oibríonn an Gradam?	4
	Páirteachas sa Pharóiste	6
	Feasacht an Phobail	7
	Cur-i-Láthair	8
	Breisiú do Ghradaim	9
	Cód Eitice an Ghradaim	10
	Oifigí	12

Teachtaireacht ón Easpag

Is tionscnamh Gradam an Phápa Eoin Pól II a thairgeann deis don aos óg a gcreideamh a chleachtadh agus a bpáirt a ghlacadh i measc phobal a bparóiste. Cuidíonn sé leo cruth a chur ar a mbeatha féin. “Go hiondúil, ó laethanta na hóige i leith, bímid mar is mian linn a bheith. Saothar ár lámh féin atá ionainn, mar a deirfeá” - an Pápa Beinidicht XVI.

Is áil le daoine an t-aos óg a fheiceáil agus iad páirteach i saol na paróiste. Is minic a chuala Foireann Phastúireach na Deoise an achainí seo arís agus arís eile agus í ar bheola daoine ar fud na deoise.

Níl sé furasta do dhaoine óga na laethanta seo. An brú a chuireann muintir chomhaoise orthu múchann sé cuid mhór den tsuailce agus den

chrábhadh atá ina gcroí istigh. I gcomhthéacs Ghradam an Phapa Eoin Pól II, tugtar deis don aos óg cuid a bheith acu de shaol na paróiste agus na hEaglaise. Is cuma aos óg, daoine fásta nó seandaoine, is mór is féidir leo go léir a dhéanamh, agus go minic is mó dúthracht agus tapúlacht na n-óg. Molaim go láidir dóibh gan an t-aiméar seo a ligean tharstu. Agus gabhaim buíochas ó chroí le gach aon duine a rinne an tionscnamh seo a thabhairt in éifeacht.

Beannacht Dé oraibh.

+ Pilib Ó Buadhaigh
Easpag Ráthbhoth



Gradam an Phápa Eoin Pól II

Is é is cuspóir don Ghradam seo cuimhne Eoin Pól II a bhuanú, an pápa a raibh dúil chomh mór sin san aos óg aige agus a bhí chomh muiníneach astu.

Ag saothrú Ghradam Eoin Pól II dóibh féin, beidh sé ar chumas an aosa óig i nDeoise Ráthbhoth páirt ghníomhach a ghlacadh i saol a nEaglaise, i saol a bpobail, i measc a gcomharsana, agus a bheith níos eolaí ar theagasc agus beart na hEaglaise Caitlicí i ndomhan an lae inniu. Dá bharr seo beidh na daoine óga in ann dul níos dlúithe i dteagmháil le hÍosa Críost, arb í an Eaglais a Chorp.

Tuigfidh an t-aos óg dá thairbhe nach ábhar staidéir nó sraith rialacha amháin an creideamh, ach gur dúshraith na beatha é.



Cé dó an Gradam?

Iarrthóirí

- Daltaí scoile a bhfuil an Teastas Sóisearach críochnaithe acu
- Duine ar bith idir 16 agus 18 mbliain d'aois nach bhfuil in oideachas iar-bhunscoile
- Ní comórtas nó iomaíocht an Gradam. Ar bhonn deonach atá an iontráil, atá inathraithe, ach a iarrann dúthracht leanúnach.

Iad sin atá bainteach leis

- Éarlámh an Ghradaim - Easpag Ráthbhoth
- Lucht chinneadh an Ghradaim - Coiste Ghradam an Phápa Eoin Pól II
- Treoraithe an Ghradaim - Múinteoirí, Ionadaithe Paróiste, Cléir
- Éascaitheoirí - Iad sin a thabharfaidh deis don duine óg an saothar idir lámha aige/aici a thabhairt chun críche
- Ionad Riaracháin - Ionad Pastúireach Dheoise Ráthbhoth



Creatlach an Ghradaim?

Cá mhéad gradam atá ann?

Tá ceithre Ghradam ann: An Chroch Phápach, Óir, Airgead agus Cré-umha.

Cá fhad a thugtar don duine leis an tsaothar a chur i gcrích?

16 míonna, ag toiseacht i mí Mheán an Fhómhair.

Cad é go díreach is gá a dhéanamh leis an Ghradam a thuilleamh?

Tuilltear an Gradam de bharr na gníomhaíochta seo: Páirteachas sa Pharóiste, Feasacht an Phobail, Cur-i-láthair a ullmhú. Do Ghradam na Croiche Pápaí, a thosóidh i ndiaidh chríochnú an Ghradaim Óir, beidh tionscadal riachtanach in áit an Chur-i-láthair.

Aige seo gach a bhfuil riachtanach le gradam a ghnóthú:



An Chroch Phápach

Gradam Óir

Páirteachas sa Pharóiste: 1 uair sa tseachtain ar feadh 26 seachtainí

Feasacht an Phobail: 1 uair sa tseachtain ar feadh 26 seachtainí

Tionscadal



Gradam Óir

Páirteachas sa Pharóiste: 1 uair sa tseachtain ar feadh 26 seachtainí

Feasacht an Phobail: 1 uair sa tseachtain ar feadh 26 seachtainí

Cur-i-láthair



Gradam Airgid

Páirteachas sa Pharóiste: 1 uair sa tseachtain ar feadh 14 seachtainí

Feasacht an Phobail: 1 uair sa tseachtain ar feadh 14 seachtainí

Cur-i-láthair



Gradam Cré-umha

Páirteachas sa Pharóiste: 1 uair sa tseachtain ar feadh 8 seachtainí

Feasacht an Phobail: 1 uair sa tseachtain ar feadh 8 seachtainí

Cur-i-láthair

Cad is gá a dhéanamh?

Cad é mar chuirim isteach ar an Ghradam?

Tadhail www.thepopejohnpauliiaward.com le dhá fhoirm a íoslódáil, foirm iarratais agus foirm aontú do thuismitheoirí (dóibh sin atá níos lú ná 18 mbliain d'aois). Agus na foirmeacha líonta agat, cuirtear ar ais ansin iad, chomh maith leis an táille chláráithe, chuig ceannaire an Ghradaim sa scoil nó sa pharóiste.

Cad é tharlaíonn ansin?

Nuair atá an t-iarratas próiseáilte ag an Choiste, gheobhaidh tú Cárta Taifead ó do cheannaire Gradaim. Socróidh tú i gcomhar leis an cheannaire cé acu gníomhaíocht nó gníomhartha atá sé ar intinn agat cur i gcrích, faoin dá roinn sin, 'Páirteachas sa Pharóiste' agus 'Feasacht an Phobail'. Le do thoil, déan cinnte de go síníonn an ceannaire ainmnithe do Chárta Taifead gach uair. Déantar an Cur-i-láthair ag deireadh na gníomhaíochta.

An bhfuil táille cláráithe ann?

Tá táille €15 le díol agus tú ag clárú don Ghradam. Bailíonn an ceannaire Gradaim iomlán an airgid agus cuirfear seic ansin chuig Lárionad Pastúireach Dheoise Ráthbhoth, iníoctha leis an Lárionad Phastúireach.

Cad é mar éilím an Gradam?

Agus na h-uaireanta agus an Cur-i-láthair críochnaithe agat, ba chóir do Chárta Taifead agus an Cur-i-láthair a thabhairt ar ais don cheannaire. Deimhnítear iad uile ag an duine chuí (m. sh. Príomhoide Scoile) agus ansin seachadtar chuig Coiste Ghradam an Phápa Eoin Pól II ag Ionad Pastúireach Dheoise Ráthbhoth, Ascal na Mainistreach, Leitir Ceanainn.



Páirteachas sa Pharóiste

Páirteach i scéal an Pharóiste

Nuair a baistear muid déantar baill muid i gCorp Chríost. Sí is ciall leis seo ná go n-iarrtar orainn Críost a thabhairt i láthair os comhair an domhain. Ós rud é gur muid Corp Chríost, is baill muid de choiteann na hEaglaise, Pobal Dé, agus mairimid dá réir sin inár bparóiste féin. Má tá an Eaglais, Corp Chríost, ag dul a bheith beo ina iomláine, caithfidh gach duine a bheith páirteach gníomhach inti. Is iomaí rud a thig linn tabhairt faoi sa pharóiste.

Seo iad samplaí den chineál gníomhaíochta atá inghlactha don Ghradam:

- Léamh ag an Aifreann
- Friothálaí Aifrinn
- Ministreálaí Eocairisteach
- Ball den chóir/ den ghrúpa daoncheoil
- Liotúirge an Bhriathair do pháistí
- Páirteachas sa chlár don Chóineartú “Finnéithe agamsa a bheas ionnaibh”
- Maisiú theach an phobail/ gléasadh na haltóra/ cóiriú bláthanna
- Bailitheoir



- Duine fáilteachais
- Cumadh intinní do Ghuí an Phobail
- Ullmhú altanna d’fheasachán na paróiste

Seans go bhfuil gníomhartha eile idir lámha agat cheana a bhfuil baint acu leis an pharóiste agus nár luaíodh thuas. Más amhlaidh atá, déan teagmháil le Coiste Ghradam an Phápa Eoin Pól II le haghaidh faomhadh.

Feasacht an Phobail

Spreagadh Feasacht Phoiblí

Ós rud é gur baill de Chorp Chríost muid de bharr ár mBaisteadh, tugaimid Críost i láthair sa dóigh a bpléimid le daoine eile. Sonraítear ár gcreideamh go geal soiléir inár ngníomhartha. Mar sin tá sé tábhachtach go n-aithnímid cuid riachtanas daoine eile agus go dtagaimis chun foirithinte orthu ina gceasnaí. Is dá bhrí sin a meastar Feasacht an Phobail a bheith ina gné chomh suntasach sin den Ghradam seo.

Seo iad thíos samplaí den chineál gníomhaíochta a dtiocfadh leat páirt a ghlacadh iontu sa roinn Fheasacht an Phobail agus atá inghlactha do do Ghradam.

- Gníomaíocht sa choiteann mar bhall de Cumann N. Uinseann de Pól nó Léigiún Mhuire
- Seirbhís deonach i siopa carthanais nó tiomsú leanúnach airgid
- Páirteachas i ngníomhaíocht a chothaíonn meon phobal na paróiste.
- Comhairleoir/ traenálaí i gcumainn spóirt do dhaoine óga
- Oiliúint treorach do ghasra nó do chomhairle áitiúil na n-óg



- Gníomhaíocht i gcúrsaí a bhaineas le Ceartas nó leis an Timpeallacht
- Cuairtíocht rialta ar árais chónaithe
- Cairde creidimh

Seans go bhfuil gníomhartha eile idir lámha agat cheana a bhfuil baint acu leis an ábhar seo agus nár luaíodh thuas. Más amhlaidh atá, déan teagmháil le Coiste Ghradam an Phápa Eoin Pól II le haghaidh faomhadh le do thoil.

An Cur-i-láthair

Cad chuige an Cur-i-láthair?

Nuair atá an da roinn, Páirteachas sa Pharóiste agus Feasacht an Phobail, críochnaithe agat, iarrtar ort Cur-i-láthair a réiteach. Is féidir an Cur-i-láthair bheith i gcló, scríofa mar aiste (thart ar 1,500 focal) nó taifeadta (agallamh faoi threoir cheannaire an Ghradam, a taifeadfar ar dtús agus a athscríofar).

Táthar ag dréim go mbeidh ar fáil sa Chur-i-láthair:

- Machnamh pearsanta agus do mheas féin ar ghníomhaíocht amháin a cuireadh i gcrích don Ghradam
- An gné de Theagasc na hEaglaise a bhaineas leis an ghníomhaíocht sin (m. sh. i gcás cuairtíocht ar árais chónaithe: teagasc na hEaglaise ar an aire is dual do dhaoine aosta agus do dhaoine leochaileacha; nó léamh ag an Aifreann - teagasc na hEaglaise i dtaobh Bhriathar Dé).
- Freagra ar an cheist: cad é chiallaíonn sé gur ball baiste den Eaglais thú sa lá inniu ann?

Sa Chur-i-láthair taispeánfar eolas agus tuiscint ar an ghaol atá idir an mhéid a táthar i ndiaidh a dhéanamh agus beatha na hEaglaise. Tuigfear níos soiléire a thábhachtaí is atá spiorad an chomhair san Eaglais.



Breisiú do Ghradam

Céim sa Bhreis

Tugtar aitheantas fosta, agus an Gradam a mholadh, do ghníomhaíochtaí ar leith atá a dhéanamh cheana féin ag an aos óg. Tomhasfar iad seo isteach ar iomlán na n-uaireanta atá le críochnú ag an duine.

Is féidir an breisiú a bhaint amach ar dhóigheanna áirithe (thíos):

Breisiú:

An Chroch Phápach	7.5 n-uair
Ór	6 uair
Airgead	4.5 uair
Cré-umha	3 uair

Oilithreacht

Eagraíonn cuid mhór paróistí agus roinnt scoltacha oilithreachtaí, bíodh siad don aos óg go baileach nó do phobal na paróiste i gcoitinne ach oscailte do dhaoine óga. Aithníonn an Gradam gníomhaíocht mar seo. Is féidir páirtíocht san Oilithreacht Dheoiseach go Lourdes a áiriú don Ghradam.

Gníomhartha Óige na Deoise

Oiriúnach do Ghradam an Phápa Eoin Pol II tá:

- Glacadh páirt i Lá Deoiseach na nÓg
- Freastal ar fhéilte mar Óigfhéile Chnoc Mhuire nó Óigfhéile Chluain Mhic Nóis

Cursaí Spioradálta

Áithnítear cúrsaí spioradálta a mhaireann dhá lá ar a laghad do Ghradam an Phápa Eoin Pól II. Is féidir iad a eagrú go príobháideach nó i gcuideachta grúpai nó cumainn eile.

Aistir ar son dea-chúiseanna daonnachtúla

Aithnítear turais a mhaireann 4 lá nó níos mó le dul a dh'obair ar thionscadaíl faoi leith, cosúil le dílleachtlann sa Rómáine nó tógáil tithe san Afraic.

Seans go bhfuil gníomhartha eile idir lámha agat cheana a bhfuil baint acu le hábhar nár luaíodh thuas. Más amhlaidh atá, déan teagmháil le Coiste Ghradam an Phápa Eoin Pól II le haghaidh faomhadh dó le do thoil.

Cód Eitice an Ghradam

An t-iompar a bhfuil dúil leis don Ghradam

Is mór le Gradam an Phápa Eoin Pól II an t-aos óg a ghríosú le go nglacfaidh siad páirt sa chineál gníomhaíochta a ligeann dóibh a mbeatha a bhaint as rúndiamhair an chreidimh in Íosa Críost agus a bheith beo ar an dóigh sin i measc phobal na hEaglaise. Is í is aidhm don Ghradam cuidiú le daoine óga a bhforás spioradálta, mothúchánach agus sóisialta a fheabhsú de thoradh páirt a ghlacadh in imeachtaí sa scoil, sa pharóiste agus sa phobal.

Moltar cód eitice do gach duine ag cur isteach ar an Ghradam.

Iarrtar orthu sin a bheas páirteach:

- Meas a bheith acu ar cheart phríobháide gach duine
- Bheith go speisialta aireach agus iad ag cuairtíocht in árais chónaithe
- Leanstan do na socraithe agus na modhanna riарtha a stiúrann iontráil ar imeachtaí, ar ghníomhaíochtaí agus in ionaid choinne, agus a bhfágáil arís ina dhiaidh sin
- Géilleadh do na teoraithe agus na rialta nuair a táthar ag tiomsú airgid do charthanais

Cód Eitice an Ghradaim

Iarrtar orthu sin a bheas páirteach:

- Cuntas a thabhairt go caol díreach d'ionadaí na paróiste, do phríomhoide na scoile nó don oifigeach cosanta páistí ceaptha má tá imní orthu fána shábháilteacht nó a dhea-bhail féin nó cás duine eile
- Cead scríofa a iarraidh ar thuismitheoirí/caomhnóirí le páirt a ghlacadh i ngníomhartha nó in imeachtaí a bhaineas leis an Ghradam (faoi bhun 18 mbliain)
- Síniú an Chóid Dea-iompair ag toiseacht ar an Ghradam dó/di
- Ní cheadaítear toitíní a chaitheamh agus an duine ag dul le gníomhaíocht a bhaineas le Gradam an Phápa Eoin Pól II
- Staonadh ó alcól agus ó shubstaintí neamhdhleathacha



Duine ar bith a gheibhtear faoi thionchar alcóil nó substaintí neamhdhleathach le linn gníomhaíochta, iarrfar air tarraingt siar láithreach bonn as an Ghradam go dtí go ndéanfar athamharc ar an chás i gcomhairle leis an ionadaí paróiste, príomhoide na scoile nó le Coiste an Ghradaim.

Oifigí

Deoise Ráthbhoth

Coiste Ghradam an Phápa Eoin Pol II
Láirionaid Pastúireach Dheoise Ráthbhoth
Ascal na Mainistreach
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall

Tel: 074 9121 853

R-phost: diocesanpclk@eircom.net

Raphoe Diocese

The Pope John Paul II Award Committee
Raphoe Diocesan Pastoral Centre
Monastery Avenue
Letterkenny
Co. Donegal

Tel: 074 9121 853

Email: diocesanpclk@eircom.net

Central Office:

Derry Diocesan Catechetical Centre
The Gate Lodge
2 Francis Street
Derry
BT48 7DS

Tel: 048 7126 4087

Fax: 048 7126 9090

Email: admin@thepopejohnpauliiaward.com
www.thepopejohnpauliiaward.com

*Cuir do mhuínín i gCríost; éist go hairdeallach lena theagasc, bíodh do shúile sáite ina ghnúis,
lean leat ag éisteacht lena Bhriathar.*

*Lig dó do chuardach agus do thnútháin,
d'idéil uilig agus mianta do chroí a dhíriú.*

an Pápa Eoin Pól II